

BRIAN Ó LAIDHE SGOLÁIRE BOCHT

Tháinig máighistir de mhuinntir Laidhe don Aird fadó a' múineadh sgoile. Tá céad bliain ó bhí sé ann. Bhíodh sé a' múineadh Gaedhilge. Bhí go leor de na seandaoine indon chuile leabhar Gaedhilge a léigheadh de bharr Mhic Uí Laidhe fad a bhíodh sé dhá múineadh. Idir an dá Aird bhí duine ar bith a thogair é indon Gaedhilge a léigheadh agus bhí daoine ar an gCoillín ag foghlaim uaidh.

Ins na tighthe a bhíodh an sgoil aige. B'fhéidir go bhfanfadh sé bliain i dteach dá gcoinneacht é. An teach a mbíodh sé ann ní íocaidís pinginn ar bith leis ach dá choinneál ag imeacht mara dtugaidís síne láimhe. Na comharsanaí a bhíodh ag teacht ar sgoil aige thugaidís beagán dó do réir a n-acfuinní. Ba roimhe an droch-shaoghal é seo. Nuair a tháinig an droch-shaoghal b'éigin dó imtheacht. Níor fhága sé teach ná clann ina dhiaidh.